

Glór Cheatharlach

Duais €1,000 d'Amhrán na hÉireann sa Chomórtas Pan Cheilteach 2013

TÁ an comórtas náisiúnta seolta chun Amhrán na hÉireann a roghnú le bheith in iomaíocht ar son na hÉireann ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2013 a bheidh ar siúl i gCeatharlach um Cháisc na bliana seo chugainn. Ní foláir an t-amhrán a bheith as Gaeilge agus is gá na focail agus an ceol a bheith nuachumtha. Glacfar le hamhrán traidisiúnta, pop amhrán, amhrán tíre nó amhrán rac-cheilteach ar dhlúthdhiosca suas go 8ú Eanáir 2013.

Déanfar gearrliosta de na hiarratais is fearr agus beidh na hamhráin a roghnófar le canadh ag an gComórtas Náisiúnta a reachtáilfeair i gCeatharlach ar an Déardaoin, 7ú Feabhra. Beidh an pearsa teilifíse Daithí Ó Sé ina láithreoir agus beidh moltóirí aitheanta i mbun moltóireachta. Measfar na hamhráin ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an cur i láthair agus bronnfar €1,000

ar an mbuaiteoir. D'éirigh go hiontach leis an imeacht céanna i mbliana agus bhí fiche amhrán in iomaíocht ag an gcomórtas náisiúnta ina measc cúig cinn cumtha ag daoine áitiúla. Amhrán dar teideal "An Síol" cumtha ag Damien Mac Gabhann agus Paul Kelly as Baile Átha Cliath agus curtha i láthair ag Méadbh Ní Bheaglaioich a bhuaigh an comórtas.

Beidh an t-amhrán a roghnófar in iomaíocht leis na hamhráin náisiúnta eile ag Alba, An Bhreatain Bheag, Oileán Mhanainn, An Chóirn agus An Bhriotáin um Cháisc chun an Corn Pan Cheilteach a thógaint. IMRO atá ag déanamh urraíochta ar an gcomórtas náisiúnta i gcomhar le Gael Linn.

Tá rialacha agus fóir iarratais ar an suíomh greasáin www.panceltic.ie.

Tuilleadh eolais ach glaoch ar oifig Pan Cheilteach i



Beidh Daithí Ó Sé ina láithreoir ag an gcomórtas Amhrán Pan Cheilteach

gCeatharlach ar 059/9158105, 085/1340047, 087/2857048 nó is féidir scríobh chuig pancelticcompetitions@gmail.com.

An seoladh do dhlúthdhioscaí agus iarratais roimh 5.00i.n. ar



Cairde Cheatharlach a chan An Bláth ag an gcomórtas Pan Cheilteach

8ú Eanáir 2013 ná An Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, Glór

Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach, Co Cheatharlach.

Cluiche Taibhsí agus Sprideanna as Gaeilge

SHEOL Foras na Gaeilge an chéad fhíschluiche riamh as Gaeilge le déanaí. Chuaigh Black Market Games i gcomhar le Foras na Gaeilge leis an gcéad chluiche ríomhaire as Gaeilge a chur ar fáil dar teideal 'An Caife Craosach'/Dead Hungry Diner agus cuireadh an maoiniú ar fáil tríd an Scéim Nuálachais. Tá súil ag Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach Foras na Gaeilge, gur bealach spráúil a bheidh sa chluiche leis an nGaeilge a theagasc:

"Agus an cluiche seo á imirt ag daoine trí Ghaeilge, is cuma más cainteoirí líofa iad nó más rud é go bhfuil siad díreach ag foghlaim beidh siad ag éisteacht agus ag foghlaim na teanga agus na canúna i ngan fhios dóibh féin" arsa Ferdie. "Le tionscnaimh mar seo is féidir linn an Ghaeilge a choinneáil suas chun dáta ó thaobh na teicneolaíochta agus cuirtear tacaíocht foghlama ar fáil don teanga. Tá áthas orainn go bhfuil baint againn leis an tionscadal", a dúirt sé.

Is é atá i gceist leis an gcluiche seo, ar tugadh 'Dead Hungry Diner' air ar dtús, ná puzal idirghabhála atá spráúil agus tapaidh ina bhfuil cur chuige neamhghnách i gceist ó thaobh bialann a bhainistiú. Roghnaíonn an t-imreoir ceann amháin den dá charachtar, Gabe nó Gabby, ar cúpla dílleachta iad ón tsráidbhaile Ravenwood, chun freastal ar chustaiméirí uathúla na bialainne. Aidhm an chluiche ná ollphéisteanna éagsúla a chur ina suí, freastal orthu agus iad a shásamh ach ní mór duit a bheith sciobtha sula n-éiríonn siad mífhoighneach agus sula bhfágann siad gan íoc.

Tugann Lee Fallon ó Black Market Games atá lonnaithe i nDoire míniú ar an gcúis ar aistríodh Dead Hungry Diner go Gaeilge "Tháinig bhall den fhoireann nach Éireannach é agus combhunaitheoir, aníos leis an smaoineamh chun leagan Gaeilge a chur ar fáil" a dúirt sé. "Ós rud é gur cuideachta cluichíochta Éireannach sinn cheapamar go mbeadh cluiche as Gaeilge tarraingteach do dhaoine a labhraíonn Gaeilge agus a imríonn cluichí. Bhí ionadh orainn nár tharla a leithéid cheana agus bhí riméad orainn nuair a tháinig Foras na Gaeilge i gcomhar linn" a dúirt sé.

Agus leis sin tháinig 'An Caife Craosach' ar an saol – is é atá i gceist le 'craosach' ná a bheith an-ocrach. Tá an leagan



An Cluiche Craosach

Gaeilge ar fáil ar DVD agus trí Íoslódáil Digiteach. Is féidir é a cheannach nó a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin oifigiúil de chuid Black Market Games www.deadhungrydiner.com. Tá costas €4.99 air agus is féidir é a imirt ar ríomhairí pearsanta nó ríomhairí glúine ar a bhfuil Windows.

GLUAIS:
físchluiche
maoiniú
príomhfheidhmeannach
tionscadal
idirghabhála
spráúil
neamhghnách
dílleachta
ollphéisteanna
mífhoighneach
íoslódáil
ríomhairí pearsanta
ríomhairí glúine

GLOSSARY:
video game
funding
chief executive
project
buffer
playful
extraordinary
orphan
monsters
impatient
download
personal computers
laptops

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047

eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Charity céilí will help fund Christmas party

Kiltegan

CONTACT: BEN LENNON
TEL: 087 9436187



THE Kiltegan set dancers are running a charity ceili in Kiltegan Hall on Sunday 18 November from 3pm to 6pm. All proceeds from the dance will go to the senior citizens' Christmas party fund. The music will be supplied by Syl and Liz and is sure to please all tastes, so do come along and enjoy the afternoon. Tea will be served, including all home baking.

PARENT AND TODDLER GROUP

Tynock Parent and Toddler Group begins in the prefab at Tynock School on Monday 12 November. You are welcome to come along and enjoy a cup of tea while your child plays and makes new friends.

WHIST NEWS

A whist drive takes place in St Peter's Parish, Kiltegan on Tuesday 13 November at 8.30pm. Anyone who would like to learn how to play the game should come along to the centre on Saturday 10 November.

WHIST RESULTS

Top score, Dolly Whelan; 1st lady, Anne Smyth; 2nd lady, Lily Kavanagh; 1st gent, Michael Bradley; 2nd gent, Seamus Sweeney; halves: lady, Theresa Dowling; gent, George Hobson. Raffle winners were Carmel Coleman, Charles Shortt, Dan Kane and Laurence Murphy. The weekly whist will continue every Thursday night.

WELL DONE, JOHN

Congrats to John Keogh, Talbotstown, who ran the 36-mile marathon in Munich, Germany recently. John wishes to thank all who sponsored him. All proceeds went to Crumlin Children's Hospital.

TINKERBELL PRE-SCHOOL

A Christmas variety night will be held in Talk of the Town on Saturday 8 December. Proceeds go to Tinkerbell and Baltinglass Hospital.